



Cód Reachtanna na Sualainne

Reacht

Iena leasaítear Reacht Cearrbhachais (2018:1475)

SFS

Foilsithe ar

Arna eisiúint an 2 Bealtaine 2024

Maidir leis an Ordanás Cearrbhachais (2018:1475), leagann an rialtas síos leis seo¹

go mbeidh an fhoclaíocht seo a leanas ag Caibidil 1, Roinn 3 agus ag Caibidil 14, Roinn 2;

go cuirtear cúig mhír déag nua isteach, Caibidil 11, Roinn 13; Caibidil 12, Ranna 6 agus 7; Caibidil 14, Ranna 4-14; agus Caibidil 16, Roinn 6a; agus díreach roimh Chaibidil 11, Roinn 13; Caibidil 12, Roinn 6; agus Caibidil 14, Ranna 4 agus 13; ceannteidil nua leis an bhfoclaíocht seo a leanas.

Caibidil 1

Roinn 3²Ciallaíonn ‘rialacha agus rialacháin spóirt’ maidir le cúbláil cluichí de bhun an Ghnimh Cearrbhachais (2018:1138) teachtaireacht Chónaidhm Spóirt na Sualainne *Idrottens reglemente om otillåten vadhållning samt manipulation av idrottslig verksamhet* (Rialacháin spóirt maidir le gealltóireacht neamhdhleathaí agus ionramháil neamhdhleathaí gníomhaíochtaí spóirt) sa leagan arna ghlacadh an 28 Bealtaine 2023.

Caibidil 11

Malartú idirnáisiúnta faisnéise maidir le cúbláil cluichí

Roinn 13 Sna nósanna imeachta a bheidh i bhfeidhm ag ceadúnaí – le ceadúnas le haghaidh gealltóireachta de réir Chaibidil 8, Roinn 1 den Ghníomh Cearrbhachais (2018:1138) – chun cúbláil cluichí a shainaithint agus a chomhrac, agus dá dtagraítear i gCaibidil 14, Roinn 16, an chéad mhír den Ghníomh Cearrbhachais, sonrófar a mhéid a bheidh an ceadúnaí rannpháirteach i malartú idirnáisiúnta faisnéise maidir le cúbláil cluichí amhrasta.

Caibidil 12

Cúbláil cluichí

Roinn 6 Ní fhéadfaidh próiseáil sonraí pearsanta de bhun Chaibidil 14, Ranna 4-12 a bheith bainteach ach leis na sonraí pearsanta is gá chun:

1. an t-imeacht spóirt atá i gceist a shainaithint; agus
2. a shonrú cad ba chúis leis an amhras.

¹Féach Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise.

²An leagan is déanaí 2023:310.

Roinn 7 Ní fhéadfaidh próiseáil sonraí pearsanta de bhun Chaibidil 14, Ranna 13 agus 14 a bheith bainteach ach leis na sonraí pearsanta is gá chun a chinneadh ar ghlac duine páirt i ngealltóireacht de shárú ar rialacha agus rialacháin spóirt maidir le cúbláil cluichí.

Caibidil 14

Roinn 2³ Beidh Comhairle Cúblála Cluiche ann laistigh d'Údarás Cearrbhachais na Sualainne.

Is é Údarás Cearrbhachais na Sualainne a bheidh ina chathaoirleach ar an gComhairle Cúblála Cluiche agus beidh sí comhdhéanta d'ionadaithe ó Údarás Ionchúisimh na Sualainne agus ó Údarás Póilíneachta na Sualainne. Féadfaidh Údarás Cearrbhachais na Sualainne cead a thabhairt d'ionadaithe ó Chónaidhm Spóirt na Sualainne agus go háirithe cónaidhmeanna spóirt a bhfuil baint acu leo, comhlachais tionscail a dhéanann ionadaíocht ar shealbhóirí ceadúnais a eagraíonn gealltóireacht, agus eagraíochtaí eile lena mbaineann go háirithe, a bheith rannpháirteach.

Comhroinnt faisnéise maidir le cúbláil cluichí

Roinn 4 Forbróidh agus scaipfidh Údarás Cearrbhachais na Sualainne faisnéis atá ábhartha maidir leis na hiarrachtaí cúblála cluiche a bhrath agus a chomhrac.

Roinn 5 Déanfaidh Údarás Cearrbhachais na Sualainne faisnéis maidir le cúbláil cluichí amhrasta a fháil, a thiomsú agus a anailísiú.

Roinn 6 Déanfar comhroinnt faisnéise de bhun Ranna 7-12 trí ardán a chuirfidh Údarás Cearrbhachais na Sualainne ar bun.

Roinn 7 Arna iarraidh sin d'Údarás Cearrbhachais na Sualainne, soláthróidh ceadúnaí ag a bhfuil ceadúnas gealltóireachta de bhun Chaibidil 8, Roinn 1 den Ghníomh Cearrbhachais (2018:1138) an fhaisnéis go léir maidir le cúbláil cluichí amhrasta atá ag teastáil ón Údarás a luaithe is féidir.

Roinn 8 Má tá cúis ag ceadúnaí ag a bhfuil ceadúnas gealltóireachta de bhun Chaibidil 8, Roinn 1 den Ghníomh Cearrbhachais (2018:1138) le bheith in amhras faoi cúbláil cluichí, déanfaidh an ceadúnaí é a thuairisciú d'Údarás Cearrbhachais na Sualainne a luaithe is féidir.

Ní chumhdaítear leis an oibleagáid tuairiscithe faisnéis a fhaightear faoi Roinn 11.

Roinn 9 Má tá cúis ag Cónaidhm Spóirt na Sualainne, nó cónaidhm spóirt speisialta atá cleamhnaithe le Cónaidhm Spóirt na Sualainne, a bheith in amhras faoi chúbláil cluichí, caithfidh an Chónaidhm é a thuairisciú d'Údarás Cearrbhachais na Sualainne.

Roinn 10 Agus tuairisciú á dhéanamh de bhun Ranna 8 agus 9, luafar an fhaisnéis seo a leanas:

1. an t-imeacht spóirt lena mbaineann an t-amhras; agus
2. cad ba chúis leis an amhras.

³An leagan is déanaí 2023:310.

Roinn 11 Cuirfidh Údarás Cearrbhachais na Sualainne faisnéis arna tuairisciú de bhun Ranna 8 agus 9 ar aghaidh chuig sealbhóirí ceadúnais le ceadúnas gealltóireachta de bhun Chaibidil 8, Roinn 1 den Ghníomh Cearrbhachais (2018:1138).

Roinn 12 Má bhaineann an fhaisnéis a thuairiscítear faoi Roinn 8 le hócáid spóirt sa tSualainn nó le hócáid spóirt a raibh an tSualainn rannpháirteach ann, cuirfidh Údarás Cearrbhachais na Sualainne an fhaisnéis ar aghaidh chuig Cónaidhm Spóirt na Sualainne agus, más gá, chuig an gcónaidhm speisialta spóirt lena mbaineann.

Gealltóireacht de shárú ar rialacha agus rialacháin spóirt maidir le cúbláil cluichí

Roinn 13 Má tá cúis ag ceadúnaí ag a bhfuil ceadúnas gealltóireachta de bhun Chaibidil 8, Roinn 1 den Ghníomh Cearrbhachais (2018:1138) a bheith in amhras gur ghlac duine páirt i ngealltóireacht de shárú ar rialacha agus rialacháin spóirt maidir le cúbláil cluichí, ní mór don cheadúnaí é a thuairisciú don chónaidhm spóirt speisialta lena mbaineann.

Roinn 14 Ar iarratas ó chónaidhm spóirt speisialta atá cleamhnaithe le Cónaidhm Spóirt na Sualainne, seiceálfaidh sealbhóir ceadúnais ag a bhfuil ceadúnas le haghaidh gealltóireachta de bhun Chaibidil 8, Roinn 1 den Ghníomh Cearrbhachais (2018:1138) a luaithis is féidir an ndearna duine geallta.

Ní fhéadfar seiceáil den sórt sin a dhéanamh ach amháin má tá sé léirithe ag an gcónaidhm speisialta spóirt go bhfuil cúis amhrais ann gur ghlac an duine páirt sa ghealltóireacht de shárú ar rialacha agus rialacháin spóirt maidir le cúbláil cluichí.

Caibidil 16

Roinn 6a Cinneann Údarás Cearrbhachais na Sualainne cathain agus conas a fhéadfaidh sealbhóirí ceadúnais a bhfuil ceadúnas gealltóireachta acu de bhun Chaibidil 8, Roinn 1 den Ghníomh Cearrbhachais (2018:1138) agus Cónaidhm Spóirt na Sualainne agus cónaidhm speisialta spóirt atá cleamhnaithe le Cónaidhm Spóirt na Sualainne nascadh leis an ardán dá dtagraítear i gCaibidil 14, Roinn 6.

Féadfaidh Údarás Cearrbhachais na Sualainne rialacháin a eisiúint maidir leis an gcaoi a ndéanfar faisnéis faoi chúbláil cluichí agus faisnéis faoi ghealltóireacht de shárú ar rialacha agus rialacháin spóirt maidir le cúbláil cluichí de bhun Chaibidil 14, Ranna 7-12, a thuairisciú, a fháil nó a iarraidh.

Tiocfaidh an Reacht seo i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2024.

Thar ceann an rialtais

NIKLAS WYKMAN

Andreas Hamrén
(Aireacht Airgeadais na
Sualainne)